

Ó Bhéal an Daingin go Dhahran

le Barbara Ní Shúilleabháin

Is maith is cuimhin liom an chéad smaoineamh a rith tríd m'intinn agus muid ag tuirlingt ar aerfort Dhahran, san Arab Shádach, an 17 Deireadh Fómhair, 1997. Rinne mé iontas go raibh leictreachas ann – ach meas tú cár cheap mé a bhí me ag dul?

Cuireadh céad míle fáilte romham nuair a thosaigh mé ag obair ag ceanncheathrú Saudi Aramco i Dhahran. Is é Saudi Aramco an comhlacht ola is mó ar domhan agus táirgeann sé 12 milliún bairille ola sa lá agus freisin tá sé ar cheann de na heasportálaithe is mó ar domhan d'ábhair gáis nádúrtha (NGL). Tá oifigí ar fud na tíre ag an gcomhlacht chomh maith le hoifigí i Meiriceá, san Eoraip agus san Áis agus tugann sé fostaíocht do 56,000 duine as chuile cheard den domhan.

Tá muid ina gcónaí sa gcampa céanna ina bhfuil ceanncheathrú an chomhlachta suite. Tá an campa cosúil le baile beag i Meiriceá le daonra de 10,000. Tá chuile chineál seirbhíse agus áis le fáil ann, mar shampla, amharclann; leabharlann; linn snámha; cúrsa gailf; neart áiseanna spóirt; bialanna; ollmhargaí agus ospidéal. Tá go leor clubanna agus cumainn ar féidir páirt a ghlacadh iontu ann agus bíonn ranganna oíche éagsúla ar siúl, mar shampla, ealaíon, teangacha eachtrannacha chomh maith le go leor ranganna aclaíochta. Tá grúpa damhsa Gaelach ann fiú a raibh mé fhéin páirteach ann ar feadh roinnt blianta.

Is tír Moslamach í an Arab Shádach agus leanann siad rialacha an-ghéar maidir leis an gcreideamh agus leis an gcultúr atá acu. Bíonn na mná clúdaithe ó bhun go barr nuair a bhíonn siad amuigh go poiblí, is cuma más ar an trá nó san ollmhargadh atá siad. Bíonn orainne, mar chuairteoirí, ár gcoirp a bheith clúdaithe nuair a bhíonn muid taobh amuigh den champa. Chomh maith leis seo tá bac iomlán ar ól agus níl aon chead ag mná tiomáint taobh amuigh ach oiread. Níl aon chead ag bean siúl le fear nach é a fear céile é, a mac nó a deartháir. Tá áiteanna suí deighilte sna bialanna – áit le haghaidh fhir shingil amháin agus áit le haghaidh teaghlach. Tá



Eithne, neacht Bharbara ar saoire i Dubai

córas den chineál céanna sna bancanna agus sna hospidéal.

Is é an creideamh Ioslamach creideamh na tíre agus glaoitear chun paidreoireachta iad chúig uaire sa lá. Bíonn na glaochanna seo le cloisteáil ó na Moscanna éagsúla taobh istigh agus taobh amuigh ó mhaidneachan lae go dtí deireanach tráthnóna. Níl aon gá dóibh dul go dtí an Mosc chun guí, is féidir leo é a dhéanamh sa bhaile nó san oifig nó in áit ar bith is maith leo, istigh nó amuigh, ach go gcaithfidh siad iompú i dtreo Meice san Oirthear. Dúnann na siopaí uile taobh amuigh den champa ag na hamanna seo agus athosclaíonn siad arís nuair a bhíonn an ghuí déanta. Ach thíos sa bhaile mór in Al Khobar fágann cuid de na siopaí na custaiméirí istigh le linn am guí cé nach ndéantar aon fhreastal orthu.

Tá sé an suimiúil a bheith ag siopadóireacht go mór mór sa bhaile mór. Is seanbhaile í Al Khobar agus tá carachtar ag baint léi agus leis an dream atá ag obair ann. Is cuid den nós a bheith ag


Forbairt Pobal Teanga Cultúr



Ag obair ar son phobal na Gaeltachta agus na Gaeilge


Na Forbacha
Co. na Gaillimhe / Co. Galway
Tell: 091 503100
Facs: 091 503101

e: eolas@udaras.ie w: www.udaras.ie



AN GÚM

Tuilleadh eolais / ábhar samplach
www.gaeilge.ie/angum



Le ceannach uathu seo:
www.cic.ie
www.siopagaeilge.ie
www.litriocht.com
An Siopa Leabhar
(01) 478 3814

Fóras na Gaeilge

Scéal anall Scéal abhus

Cillian agus an Rón

Malachy Doyle / Tatyana Feeney
(Leabhar & CD)

Buachaill mór bád is ea Cillian. Nuair nach dtagann a athair abhaile oíche amháin i ndiaidh stoirme geallann sé dá mháthair go dtiocfaidh sé air agus go dtabharfaidh sé slán é. Le cabhair óna chara, an rón, tagann sé ar a athair ach chun go ligfí ar ais chuig a theaghlach é bíonn ar Chillian margadh truachroíoch a dhéanamh le Banríon na Maighdean Mara.

ISBN 978-1-85791-816-8 €9.50 Crua 8 mbliana+

Azzi idir dhá stól

Sarah Garland

Tá Azzi agus a cuid tuismitheoirí i mbaol. Níl rogha acu ach éalú chuig tír eile. Téann siad a chónaí i measc stráinséirí. Téann Azzi i dtaithí ar na hathruithe móra ina saol go misniúil cróga, ach tá Mamó fós sa bhaile. An bhfeicfidh sí arís go deo í? Scéal corraitheach a insítear, idir phictiúir agus téacs, go lom tuisceanach.

ISBN 978-1-85791-156-5 €6.95 Crua 8 mbliana+



Camaill sa bhfásach

margaíocht agus tá an-chraic ag baint leis seo. Seasann siad lena bhfocal agus is tréith é seo a thaitníonn go mór liom.

Níl aon chomparáid idir tírdhreach na hÉireann agus tírdhreach na hAraibe Sádaí. Tá a háilleacht fhéin ag baint leis an bhfásach agus í lán le sléibhte gainimh ar dhathanna difrúla ach tá contúirt ag baint léi freisin. Bíonn an teocht os cionn 50° C i rith mhí Iúil agus mhí Lúnasa agus an taise ag tarraingt ar 90% agus bíonn an teocht níos airde arís i lár an fhásaigh. Ní sheasfadh duine i bhfad taobh amuigh inti! Cónaíonn an Bedouin (cine na hAraibe) amuigh sa bhfásach i bpubaill agus ní bhíonn aon aeroiriúnú acu. Socraíonn siad na pubaill sa samhradh sa gcaoi go bhfaighidh siad an fhuaraíocht is fearr.

Ar ndóigh is é an camall an córas taistil a bhíodh acu fadó ach inniu tá carranna acu uile. Tá na camaill fós acu agus bíonn margaidh acu chuile sheachtain agus díoltar na camaill ar phraghsanna an-ard go mór mór na ceanna bána. Is comhartha saibhris é camaill bhána a bheith ag duine.

Tá nósanna an phósta an-difriúil ar fad. Déantar cleamhnas idir col ceathracha ach scaití pósann na

fir mná ó thíortha eile. Má bhíonn an bheirt sásta tugann said gealltanais an phósta dá chéile. Cúpla mí ina dhiaidh seo síníonn siad conradh os comhair fear dlí agus bíonn an pósadh déanta ansin. Bíonn bainis acu sé mhí nó bliain nó níos faide fiú ina dhiaidh seo agus is i ndiaidh an cheiliúrtha seo a thosaíonn siad ag cónaí le chéile. Tá cead ag an bhfear ceathrar ban a bheith aige ag aon am amháin ach tá sé do dhualgas air an aire chéanna a thabhairt dhóibh uile. Bíonn ar an mbean fear Moslamach a phósadh ar an gcéad phósadh ach ina dhiaidh sin bheadh cead aici fear eachtrannach a phósadh dá bhfaigheadh an chéad fhear bás nó dá bhfaigheadh sé colscaradh uathí. Dá dtarlódh sé seo bheadh ar an bhfear eachtrannach a athrú go dtí an creideamh Ioslamach, dá mbeadh gá.

D'fhreastail mé fhéin ar bhainis anseo cúpla bliain ó shin agus bhí sí thar a bheith suimiúil. Tosaíonn na bainiseacha an-deireanach agus arís bíonn na mná agus na fir scartha óna chéile i seomraí difriúla. Bíonn na mná i seomra mór agus bíonn ceol ar siúl agus téann siad ag damhsa ar an stáitse agus iad fíor ghléasta i ngúnaí áille agus seodra. Bíonn na fir i seomra eile ag caint agus ag comhrá, ag caitheamh an sheisha (tobac) agus ag



Deirfiúracha Barbara, Mary & Bridie

ól tae agus caife. Is ag na bainiseacha seo a bhíonn na máithreacha ag faire ar bhrídeog dá gclann mhac.

Timpeall meán oíche tagann an lánúin phósta isteach le chéile chomh maith le hathair na brídeoige agus a cuid deartháireacha. Tosaíonn na mná uile sa seomra ag glaoch agus iad ag fógairt teacht na bhfear, agus clúdaíonn siad iad fhéin ó bhun go barr. Fanann an lánúin phósta timpeall leath uair an chloig ina suí ar chathaoireacha ar an stáitse agus ansin imíonn siad. Tamall ina dhiaidh seo itear an dinnéar.

Tá an bheatha spéisiúil agus tá cuid dhi an-bhlasta. Tosaítear an dinnéar le sailéad agus ansin bíonn iasc, sicín, uaineoil, camall nó gabhar acu mar phríomhchúrsa agus úsáidtear go leor spíosraí éagsúla sa chócaireachta. Is maith leo rís agus glasraí agus tá an-tóir acu ar rudaí milse freisin.



Fear Arabach ag margadh camaill

Chuile bhliain bíonn orthu troscadh ar feadh míosa, glaoitear Ramadan, an mhí bheannaithe, ar an tréimhse seo. Níl aon chead ithe, ól na tobac a chaitheamh ó éirí go luí na gréine. Is é an nós an troscadh a bhriseadh chuile oíche le caife agus dataí agus ansin bíonn béile acu. I rith na míosa seo tugann na gaolta cuairt ar a chéile agus bíonn an-cheiliúradh ann. Bíonn orainne, mar chuairteoirí, ómós a léiriú den chleachtadh seo thrí staonadh muid fhéin ó bheith ag ithe agus ag ól go poiblí.

Cé go bhfuil sé an-deacair víosa a fháil chun dul isteach san Araib Shádach, léiríonn muintir na tíre flaithiúlacht agus féile do na cuairteoirí a thagann agus is é seo mo thaithí fhéin.



Maidir le cúrsaí aimsire, bíonn an ghrian ag scoilteadh an ghainimh an chuid is mó den bhliain anseo. Go hiondúil bíonn an geimhreadh cosúil le samhradh breá sa mbaile ach scaití tá sé in ann a bheith sách fuar. Ní fheicimid mórán báistí ach stoirmeacha gainimh nó shamal mar a ghlaoitear orthu agus is measa iad seo na doirteadh ar bith.

Is fada ó chéile iad Béal an Daingin agus Dhahran agus is iomaí cara agus comhghleacaí a casadh orm ar m'aistear. Guím chuile rath agus beannacht ar thaistealaithe uile an domhain agus go dtuga Dia slán abhaile iad.